

20 RUD BREISE

FAOI DOMHAN NA DTEANGACHA

Tá formhór na **DTEANGACHA** agus na gcanúintí an domhain neamhscríofa. I Meicsiceo, tá breis agus 100 teangacha agus canúintí dúchasacha atá neamhscríofa, agus tá níos mó ná 1,000 ceann ag an Ind.

TÁ OCHT MÓRGHRÚPA AIBÍTIRE

in úsáid sa lá atá ann inniu: Araibis, Eabhrais/ Aramais, Airméinis, Brahmi, Coireallach, Seoirsis, Gréigis agus Laidin.

Cinnté gurb **AINMNEACHA GAEILGE**



iad Niamh, Aoife, Fionnuala agus Saoirse, ach ní féidir leis an gcuid is mó den domhan iad a fhuaimniú i gceart. Is féidir le heachtrannaigh breathnú ar edl.ecml.at/irishnames, áit a léirímid conas iad seo agus go leor ainmneacha eile ó Éire a fhuaimniú!

As **FRANCIS** tá 16 bhealach eagsúla chun an fhuaim "ó" a scríobh laistigh d'fhocal: au, aux, aud, auds, aut, auts, eau, eaux, o, ô, ods, op, ops, os, ot, ots.





Oo Ωω

San aibítir **GHRÉAGACH** tá na litreacha omicron agus óimige "nasctha": ciallaíonn an chéad ceann acu "'o' beag" ('o' mikron) agus déanann an dara ceann tagairt d'"o' mór" ('o' mega).



Tagann an focal **SPÁINNISE** le haghaidh ológ (*aceituna*) ón bhfocal Araibis "zaytun" (زيتون). Cuireann sé seo in iúl dúinn rud éigin suimiúil faoin gceangal idir an dhá chultúr seo mar tagraíonn an dhá fhocal don ológ féin chomh maith leis an ola a thagann uaithe.


Is iad an Bhrasaíl  agus na Stáit Aontaithe  an dhá thír ina gcónaíonn an chuid is mó de **CHAINTEOIRÍ GEARMÁNACHA** lasmuigh den Eoraip.

AN TÉAN IS MEARBHLAÍ

Tugtar "sicín na Fraince" air as Gréigis, "peiriú" as Portaingéilis, "hindi" sa Tuircis agus "turcaí" as Béarla.



Is iad **CAIRDE BRÉIGE** focail nó frásaí as dá theanga atá cosúil lena gcéile ach go bhfuil bríonna éagsúla acu. M.s. ciallaíonn an focal "squisito" blasta as Iodáilis agus ciallaíonn "esquisito" aisteach as Portaingéilis.



Is í **SCRÍOBHNEOIREACHT NA HINDUS** an ceann is sine nach bhfuil brí bainte amach aisti. Bhí sí a úsáid timpeall 2600 RC i ngleann na hIndus sa Phacastáin. B'fhéidir gur féidir leat an bhrí a bhaint amach agus a bheith i do dhíchódóir!


'DIA DUIT' AGUS 'SLÁN'

Is féidir an beannú Polainnis neamhfhoirmiúil "cześć" a úsáid le haghaidh "dia duit" agus "slán". Is amhlaidh é seo freisin maidir le "ciao" na hIodáile, "salut" na Fraince agus "servus" na hOstaire.

תִּירְבֵּעַ

Is í **EABHRAIS** an teanga athchóirithe is rathúla ar fud na staire. Níor úsáideadh í mar theanga dhúchais sa ghnáthshaol ar feadh timpeall 15 céad bliain – go dtí gur rinneadh athbheochan uirthi i rith an 19ú haoise. Faoi láthair tá thart ar 9 milliún cainteoir Eabhraise.

Tá go leor teangacha go bhfuil focail do-aistrithe acu, m.s. *Gökotta* na **SUALAINNISE** (éirí ag breacadh an lae cun éist leis na héin agus iad ag canadh), *cullaccino* na **HIODÁILISE** (an lorg fliuch a fhágann gloine ar bhord) agus *niksen* na **HOLLAINNISE** (a bheith i do shuí agus faic a bheith á dhéanamh agat).



AS **FRANCIS** usáidtear an focal "pomme de terre" le haghaidh práta, a chiallaíonn "úll na tíre". San **IODÁIL** is é an focal le haghaidh trátaí ná "pomodoro", a chiallaíonn "úll órga" (pomo + d'oro).



Sa **GHEARMÁINIS** is minic a chomhcheangalaítear dhá fhocal atá ann cheana chun focal nua a chruthiú: *Vorfreude* (roimh + sonas), *Handschuh* (lámh + bróg), *Zweisamkeit* (beirt + uaigneas), *Drahtesel* (sreang + asal), *Luftschloss* (aer + caisleán), *Lampenfieber* (lampaí + fiabhras), *Ohrwurm* (cluas + péist). An féidir leat a gcuid brí a bhaint amach go cruinn?

გამარჯობა

Is iondúil a fhuaimníonn focail **SHEOIRSIACH** go díreach mar a scríobhtar iad, toisc go bhfuil litir amháin sonraithe le haghaidh gach fuaimniú. Go hiondúil cuirtear béim ar chéad siolla an fhocail. Mar sin, bíonn sé cuibheasach éasca d'eachtrannaigh í a fhoghlaim, má tá máistreacht acu ar litreacha na Seoirsise: *გარმატებობი!*

Is féidir an focal Béarla **JANUARY** a rianú siar chomh fada le Janus, dia Rómhánach na dtairseach, na ngeataí agus na ndoirse. Tá an bunús céanna ag na focail "janitor" agus "janela" ("fuinneog" as Portaingéilis).



Ceannaíonn na hÍoslannaigh an oiread sin leabhair mar bhronntanais Nollag go núsáidtear an nath "Tuile Leabhair na Nollag" (jólabókaflöð).

Is é **SCRABBLE** rí na gcluichí focail ar fad! Cumadh é sa bhliain 1931 agus tá sé ann faoi láthair i 38 leagan teanga éagsúla, Faróis agus Laidin san áireamh. Is féidir leis na himreoirí is fearr trial a bhaint as an lámh in uachtar a fháil i gcluiche craobh an domhain!

Ar chuala tú ar **ARAGOINIS** riamh? Fadó fadó, bhí sí á úsáid go forleathan ach anois ní bhíonn sí á úsáid ach i mionlimistéar i dtuaisceart na Spáinne. Labhraíonn timpeall 11,000 daoine í agus meastar gur col ceathrar spéisíúil na Spáinnise í lena stór focal agus fuaimeanna féin.

Lá Eorpach na dTeangacha 26 Meán Fómhair

